

Is mór ag **COMHAR** agus **Foras na Gaeilge** dhá phársa nuachta a bhaineann leis an togra seo lena mbaineann leabhar eisceachtúil (*Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*) agus láithreán gréasáin spleodrach (www.portraidí.ie), a fhógairt, mar atá:

- seoladh an tríú sraith phortráidí nua (liosta 2019) i **gCéim 2** den tionscadal;
- fógra poiblí ar ainmneacha na scríbhneoirí nua (liosta 2020) a bheidh sa cheathrú sraith phortráidí nua.

Na scríbhneoirí nua i gCéim 2

Tionscadal ilchéimneach, ilbhliantúil is ea *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*. Sa chéad chéim den tionscadal cuireadh an leabhar agus an láithreán ar fáil bunaithe ar an gcartlann reatha phortráidí digiteacha. Sa dara céim den tionscadal, cuirtear portráidí dá bhfuil ann de scríbhneoirí eile na Gaeilge sna seánraí éagsúla leis an gcartlann seo go bliantúil chun an chartlann a iomlánú thar am. Tá sé i gceist ocht sraith de phortráidí nua/ochtar scríbhneoirí a chur leis an mbunachar in aghaidh na bliana. Chuige sin, ba mhór le páirtithe an tionscadail portráidí an tríú liosta nua scríbhneoirí, liosta 2019, a bhaineann le **Céim 2** den togra a sheoladh ar 1 Deireadh Fómhair 2019 ag ócáid speisialta I dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath. Is iad siúd:

- **Alex Hijmans:** úrscéalaí, drámadóir, gearrscéalaí agus iriseoir
- **Catherine Foley:** úrscéalaí don fhoghlaiméir fásta, colúnaí agus iriseoir
- **Derry O’Sullivan:** file
- **Liam P. Ó Murchú:** Iarléachtóir sinsearach le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scríbhneoir acadúil
- **Máire Zepf:** scríbhneoir don aos óg
- **Pádraig Ó Baoighill:** staraí, gearrscéalaí agus scríbhneoir don aos óg
- **Réaltán Ní Leannáin:** gearrscéalaí agus blagadóir
- **Úna Nic Éinrí:** Iarléachtóir le Gaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál agus scríbhneoir acadúil

Anuas orthu siúd, ba mhaith le páirtithe an tionscadail liosta 2020 a fhógairt ag an seoladh céanna:

- **Áine Durkin:** file, cumadóir agus blagadóir
- **Áine Uí Fhoghlú:** file agus scríbhneoir don aos óg
- **Declan Collinge:** file agus scríbhneoir aistí
- **Gary Hastings:** aistritheoir
- **Jackie Mac Donncha:** gearrscéalaí, file, agus úrscéalaí
- **Máirín Ní Dhonnchadha:** Ollamh le Meán- agus le Sean-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus scríbhneoir acadúil
- **Pádraigín Ní Uallacháin:** cumadóir agus scríbhneoir acadúil
- **Seán Ó Coileáin:** Iarollamh le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scríbhneoir acadúil

Réiteofar portráidí den ochtar scríbhneoirí seo, móide eolas beathaisnéise agus sonraí gaolmhara eile sa chéad sé mhí de 2020 le poibliú faoi mhí Dheireadh Fómhair an bhliain seo chugainn, nuair a sheolfar an t-ábhar agus nuair a fhógrófar liosta 2021. Tá COMHAR agus Foras na Gaeilge thar a bheith buíoch de na scríbhneoirí agus na grianghrafadóirí a thoiligh a bheith páirteach sa togra spreagúil seo. Foilseachán stairiúil is ea é seo; ceiliúradh ar an oidhreacht liteartha a chuireann na scríbhneoirí seo ar fáil don teanga.